
# Bróga Bharra – Paca Áiseanna




Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
An tÁisaonad

ni ABF

STRANMILLIS UNIVERSITY COLLEGE
A College of Queen's University Belfast

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

# Clár








**Intreoir** ........ 3

An dóigh le Bróga Bharra a Úsáid ........ 4

**Gníomhaíocht 1 –**

Bí i do Chara Maith ........ 5

**Gníomhaíocht 1 –**

Áiseanna in-phriontáilte ........ 6

**Gníomhaíocht 2 –**

Mo bhróga féin ........ 9

**Gníomhaíocht 2** –

Leathanach acmhainne in-phriontáilte ........ 10

**Gníomhaíocht 3** –

Ag siúl i mBróga Bharra ........ 11



Bunsaothar le Susan Carroll, Jill Porter, Megan Kerr, Emma Fleck, Rachel Clarke
An tÁisaonad a d'aistrigh

www.aisaonad.org

# Intreoir

**Cad is tromaíocht nó bulaíocht ann?**
"Má imríonn duine amháin nó grúpa daoine gníomhartha diúltacha, arís agus arís eile agus thar thréimhse ama, ar dhuine eile agus má bhíonn sé deacair ag an duine eile é féin nó í féin a chosaint, sin tromaíocht." (Olweus, 1993, p.9)

**Tromaíocht ar dhaoine atá faoi mhíchumas?**
"Is é atá i gceist leis an tromaíocht ar dhaoine atá faoi mhíchumas ná iompar nó teanga a thabharfadh ar pháiste nó ar dhuine óg a mhothú imeallaithe nó nach mbeadh fáilte roimhe nó roimpi mar gheall ar mhíchumas nó riachtanas breise bráite nó iarbhír." (Fóram Frithbhulaíochta Thuaisceart Éireann, 2015)

**Tromaíocht ar dhaoine atá faoi mhíchumas**

Fuarthas amach go bhfuil páistí a bhfuil sainriachtanais acu nó páistí atá faoi mhíchumas ar na grúpaí daoine is leochailí i seomraí ranga na Ríochta Aontaithe. Fuair Mencap amach go ndéantar tromaíocht ar 82% de pháistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu in Albain, i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus anseo i dtuaisceart na hÉireann. Ar a bharr seo, i dtaca le páistí a bhfuil uathachas orthu, fuair Humphrey agus Lewis (2008) amach go raibh taithí de chineál éigin ag achan uile dhalta sa staidéar s'acu a raibh ASD air nó uirthi ar an tromaíocht san oideachas lárshrutha.

Is mar gheall ar an líon ard páistí a bhfuil uathachas orthu sna scoileanna lárshrutha agus mar gheall ar an líon ard páistí a ndearnadh tromaíocht orthu a cruthaíodh an acmhainn seo. Is é is aidhm leis an acmhainn seo ná oideachas a chur ar pháistí faoi dtaobh den uathachas agus den tromaíocht agus ceiliúradh na héagsúlachta a chur chun cinn.

## An acmhainn féin

Cuimsíonn an acmhainn seo leabhar mór dar teideal *Bróga Bharra* agus trí ghníomhaíocht bhainteacha. Léiríonn an leabhar mór cuid de na dóigheanna a ndéantar tromaíocht ar pháistí mar gheall ar na riachtanais speisialta nó bhreise atá acu.
Tá uathachas ar Bharra agus déanann daoine eile tromaíocht air mar gheall air seo. Tugann scéal Bharra ar na léitheoirí ceisteanna a chur orthu féin faoi iompar tromaíochta agus cuireann sé páistí i mbróga duine a bhfuil tromaíocht á déanamh air nó uirthi.


## Intinní Foghlama

1. *Go bhforbróidh páistí tuiscint níos doimhne ar an rud is cara maith ann.*
2. *Cur le feasacht na bpáistí ar an éagsúlacht agus leis an mhéid a ghlacann siad léi, go háirithe i dtaca le hiompraíochtaí a bhaineann leis an uathachas.*
3. *Go mbeidh páistí in ann iompraíochtaí tromaíochta agus na saintréithe a bhaineann leo a aithint le go mbeidh tuiscint acu ar bhealaí a dtig leo féin cuidiú le daoine eile a bhfuil tromaíocht á himirt orthu.*

## An dóigh le *Bróga Bharra* a úsáid

Léigh an scéal agus dírigh aird na bpáistí ar na pictiúir. Pléigh na rudaí atá ag tarlú agus cuidigh leis na páistí tuiscint a chur ar an dóigh a raibh Barra ag mothú.

- Ag cúl an leabhair, tá ceisteanna ann faoin tromaíocht, le cuidiú le páistí bheith ag smaoineamh ar iompraíochtaí tromaíochta.




**Comhphlé ranga**

Is féidir na ceisteanna seo thíos a úsáid le comhphlé ranga a dhéanamh.

Dá mbeadh cara agat nach mbeadh ag caitheamh go deas leat, tabhair samplaí de na cineálacha rudaí a bheadh sé nó sí a dhéanamh.
An síleann tú gur cheart do na daoine eile Barra a bhrú?
Samhlaigh gur tusa Barra, cad é mar a mhothaigh tú nuair a bhí Seán ag tromaíocht ort?
Dá bhfeicfeá duine eile ag tromaíocht ar chara leat, cad é a dhéanfá?
An síleann tú gur cairde maithe iad Brian, Seán agus Laoise?
Cad iad na tréithe a bheadh ag cara maith?
Cad é a dhéanfá féin dá mbeadh duine nó daoine eile ag tromaíocht ort?
Ar thaitin an scéal seo leat? Má thaitin, cén fáth?
Cad iad na rudaí sa scéal seo a thaitin leat?
Cad iad na rudaí sa scéal nár thaitin leat?

- Tá roinnt fíricí faoin uathachas ar chuid de na leathanaigh le cuidiú le páistí tuiscint a chur ar an uathachas féin agus le feasacht ar an uathachas a chothú.

# Gníomhaíocht 1 – Bí i do chara maith

Naisc Thras-Churaclaim
*Litearthacht – Labhairt agus Éisteacht*


Scileanna smaointeoireachta agus cumais phearsanta
Smaointeoireacht, fadhbfhuascailt agus cinnteoireacht
Obair le daoine eile
Bainistiú faisnéise
Cruthaitheacht

De dhíth:
Blúiríní cairdis (féach leathán acmhainne ghníomhaíocht a haon)
Dhá dhuine-theimpléad (is féidir iad seo a tharraingt ar leathanach mór nó a phriontáil ón leathán acmhainne anseo)
Marcóirí


Achoimre ar an ghníomhaíocht

- Cuir an dá dhuine-theimpléad ar thábla mór nó thíos in áit oscailte ar an urlár. Mínigh go léiríonn ceann de na coirp Seán ag tús an scéil, nuair nach mbíodh sé iontach deas do Bharra agus go léiríonn an ceann eile Seán ag deireadh an scéil nuair a bhí sé ina chara maith ag Barra.
- Déan plé leis na daltaí ar na rudaí, dar leo, a dhéanann cara maith agus ansin tabhair deis do na daltaí na blúiríní cairdis a shocrú agus a chur ar an chorp chuí.
- Faoi dheireadh, lig do na daltaí a gcuid blúiríní féin nó a gcuid pictiúr féin de na rudaí a dhéanann cara maith agus na rudaí a dhéanann bulaí de dhuine, a chur ar na coirp.

Gníomhaíocht 1 – Duine-theimpléad



Gníomhaíocht 1 – Blúiríní Cairdis



Focail mhíchairdiúla



Focail chairdiúla



Daoine a fhágáil ar leataobh



Cairdeas a léiriú agus gach duine a bheith páirteach



Lámha a chuidíonn



Lámha a ghortaíonn

Gníomhaíocht 1 – Blúiríní Cairdis (ar leanúint)













Rudaí deasa a rá

Drochainmneacha a thabhairt ar dhaoine eile

Ár gcuid rudaí a roinnt le daoine eile

Rudaí a ghlacadh gan iad a iarraidh ar dtús

Daoine a fhágáil ar leataobh le linn cluichí

A ligean do gach duine bheith páirteach inár gcuid cluichí

# Gníomhaíocht 2 – Mo bhróga féin

Naisc Thras-Churaclaim
*Litearthacht – Labhairt agus Éisteacht*
*Na hEalaíona – Ealaín agus Dearadh*

Scileanna smaointeoireachta agus cumais phearsanta
Bainistiú faisnéise
Cruthaitheacht

De dhíth:
Leathán acmhainne – *Mo Bhróga Féin*
Pinn / pinn luaidhe dhaite
Ábhair cheardaíochta eile (páipéar, glae srl.)


Achoimre ar an ghníomhaíocht

- Pléigh an leathanach deireanach de *Bróga Bharra* agus an rud, dar leis na daltaí, a chiallaíonn sé nuair a deirtear "go bhfuil bróga difriúla orainn uilig".
- Taispeáin an imlíne den bhróg do na daltaí agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag cruthú/dearadh bróg ar leith dá gcuid féin (is féidir gur dearadh simplí a bheadh i gceist nó is féidir fosta go gcuirfeadh na páistí isteach focail nó pictiúir de rudaí a bhaineann leo féin go pearsanta).

Smaointe breise

- Clár taispeántais – d'fhéadfaí na bróga pearsanta seo a bheadh cruthaithe ag na daltaí a chur ar taispeáint ar chlár.
- Tionscadail ealaíne eile – d'fhéadfaí saothar le healaíontóirí nó le dearthóirí eile a úsáid leis na páistí a spreagadh. D'fhéadfadh siad samhlacha 3-thoiseacha a dhéanamh. (Tá lear mór samplaí de bhróga éagsúla ar fáil sa *soul shoes project*.)

Gníomhaíocht 2 – Imlíne den bhróg



# Gníomhaíocht 3 – Ag siúl i mbróga Bharra

Naisc Thras-Churaclaim
*Litearthacht – Labhairt agus Éisteacht agus rólghlacadh*
*Na hEalaíona – Drámaíocht*

Scileanna smaointeoireachta agus cumais phearsanta
Smaointeoireacht, fadhbfhuascailt agus cinnteoireacht
Bainistiú faisnéise
Cruthaitheacht

De dhíth:
Leabhar nó leathanach matamaitice
Cleite
Uirlisí ceoil

Achoimre ar an ghníomhaíocht

- D'fhéadfaí an ghníomhaíocht a thosú trí phlé a dhéanamh ar chuid de na fíricí faoin uathachas a thagann aníos sa scéal agus a fhiafraí de na daltaí faoi na mothúcháin a bheadh i gceist anseo.
- Roghnaigh dalta amháin le teacht amach os comhair an ranga nó os comhair grúpa beag agus tabhair leathanach oibre mata nó leathanach as leabhar mata dó nó di. Mínigh dó/di go gcaithfidh sé/sí é a léamh agus an tasc a chomhlánú.
- Ansin, roghnaigh grúpa daltaí le cur isteach ar an dalta atá ag gabháil don tasc mata. Tabhair an cleite do dhuine amháin acu. Cuirfidh an duine sin cigilt ann leis an chleite, fad agus a bheas na daoine eile ag seinm ceol ard agus ag déanamh callán ard leis na huirlisí. (Is féidir leat féin ceol cúlra a bheith agat fosta nó taifeadadh de dhuine a bheadh ag caint os ard).
- Tabhair 30 soicind don dalta leis an tasc a chomhlánú a fhad is a bhíonn na daltaí eile ag cur isteach air/uirthi.
- Nuair a bhíonn an t-am istigh, iarr ar an dalta ar cuireadh isteach air/uirthi cur síos a dhéanamh don rang ar an dóigh ar mhothaigh sé. Déan plé ar an dóigh a mothódh páiste ar a bhfuil uathachas le linn ranga.

Faisnéis agus acmhainní breise

- Eolas agus áiseanna i dtaca leis an uathachas - http://www.autism.org.uk/get-involved/world-autism-awareness-week/schools-autism-awareness-week.aspx
- Teanga a chuirfeadh as do dhuine atá faoi mhíchumas - http://www.anti-bullyingalliance.org.uk/media/12271/10-tips-on-tackling-disablist-language-based-bullying-in-school-final-nov14.pdf
- Gearrthóg físe as *Finding Nemo* a phléann le héagsúlacht agus míchumas - https://www.youtube.com/watch?v=WTPwcTlLiow

Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
An tÁisaonad

ni ABF

STRANMILLIS UNIVERSITY COLLEGE
A College of Queen's University Belfast

*Urraithe ag*
Foras na Gaeilge